Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15255/22**

**POLMAR 76**
**POLGEN 155**
**CONUN 302**
**COMAR 58**
**MARE 68**
**MAR 218**
**TRANS 742**
**ENER 633**
**ENV 1208**
**SUSTDEV 205**
**PECHE 478**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan<br>– Formheas |

Ag an gcruinniú a bhí aici an 14 Meán Fómhair agus ag na físchomhdhálacha neamhfhoirmiúla an 19 Deireadh Fómhair agus an 15 Samhain 2022, scrúdaigh an Mheitheal um Shaincheisteanna Muirí – Beartas Muirí Comhtháite téacs na ndréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a d'ullmhaigh an Uachtaránacht. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo an téacs deiridh a d'eascair as an bplé sin agus a d'fhormhuinigh an Mheitheal um Shaincheisteanna Muirí trí chomhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn an 28 Samhain 2022.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar thángthas air i ndáil leis na dréachtchonclúidí sin ón gComhairle maidir le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a dhearbhú agus a mholadh don Chomhairle iad a fhormheas mar mhír 'A' ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta an 13 Nollaig 2022.

**IARSCRÍBHINN**

Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan maidir le haigéin agus farraigí atá sábháilte, slán, agus sláintiúil agus a ndéantar bainistiú inbhuanaithe orthu

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á MHEABHRÚ DI:

– na conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBeartas Muirí Comhtháite ón 8 Nollaig 2008, an 16 Samhain 2009, an 14 Meitheamh 2010, an 19 Nollaig 2011, an 11 Nollaig 2012, an 25 Meitheamh 2013 agus an 24 Meitheamh 2014[1];

– na conclúidí ón gComhairle maidir le 'Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí ár n-aigéan', an 3 Aibreán 2017[2];

– na conclúidí ón gComhairle maidir le pobail dhúchasacha, an 15 Bealtaine 2017[3];

– na conclúidí ón gComhairle maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta do Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh (SSMAE), an 26 Meitheamh 2018[4];

– na conclúidí ón gComhairle – Gníomhaíocht an Aontais chun an t-iltaobhachas riailbhunaithe a neartú, an 17 Meitheamh 2019[5];

– na conclúidí ón gComhairle maidir leis na hAigéin agus na Farraigí, an 19 Samhain 2019[6];

– na conclúidí ón gComhairle maidir le beartas Artach an Aontais, an 9 Nollaig 2019[7];

– na conclúidí ón gComhairle maidir le 'Eoraip inbhuanaithe a thógáil faoi 2030 – An dul chun cinn go dtí seo agus na chéad chéimeanna eile', an 10 Nollaig 2019[8];

---

[1] 16503/1/08 REV1, 15175/1/09 REV1, 10300/10, 18279/11, 16553/12 + COR1, 10790/13 agus 11204/14
[2] 8029/17
[3] 8814/17
[4] 10494/18
[5] 10341/19
[6] 14249/19
[7] 14952/19
[8] 14835/19

– na conclúidí ón gComhairle maidir le 'Earnáil Uisce-Iompair an Aontais Eorpaigh – An t-ionchas don todhchaí: I dtreo Earnáil Uisce-Iompair an Aontais atá neodrach ó thaobh carbóin de, saor ó thionóiscí, uathoibrithe agus iomaíoch', an 5 Meitheamh 2020[9];

– na conclúidí ón gComhairle maidir leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', an 19 Deireadh Fómhair 2020[10];

– na conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBithéagsúlacht – an gá atá le gníomh práinneach, an 23 Deireadh Fómhair 2020[11];

– na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Taidhleoireacht Aeráide agus Fuinnimh – dul chun cinn a dhéanamh maidir le gné sheachtrach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip an 25 Eanáir 2021[12];

– na conclúidí ón gComhairle maidir le geilleagar gorm inbhuanaithe: sláinte, eolas, rathúnas, cothromas sóisialta, an 26 Bealtaine 2021[13];

– na conclúidí ón gComhairle maidir le hEoraip aeráid-díonach a bhrionnú – Straitéis nua an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, an 10 Meitheamh 2021[14];

– na conclúidí ón gComhairle maidir le slándáil mhuirí, an 22 Meitheamh 2021[15];

– na conclúidí ón gComhairle maidir le hUisce i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais, an 19 Samhain 2021[16];

– na conclúidí ón gComhairle maidir le taidhleoireacht aeráide an Aontais: dlús a chur le cur chun feidhme thorthaí Ghlaschú, an 28 Feabhra 2022[17];

– na conclúidí ón gComhairle maidir le 'misin Eorpacha', an 10 Meitheamh 2022[18];

– na conclúidí ón gComhairle maidir le treoirlínte straitéiseacha nua an Aontais don dobharshaothrú, an 18 Iúil 2022[19];

---

9 8648/20
10 12099/20
11 12210/20
12 5263/21
13 9153/21
14 9419/21
15 9946/21
16 14108/21
17 6120/22 COR1
18 10124/22
19 11496/22

– na conclúidí ón gComhairle maidir leis na hullmhúcháin don 27ú Comhdháil na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, an 24 Deireadh Fómhair 2022[20];

– na Conclúidí ón gComhairle i dtaca leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, an 24 Deireadh Fómhair 2022[21];

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI rath agus torthaí an 2ú Comhdháil Aigéin de chuid na Náisiún Aontaithe chomh maith le Rún A/RES/76/296 ó na Náisiúin Aontaithe an 21 Iúil 2022 lena bhformhuinítear an Dearbhú dar teideal ‘Ár n-aigéan, ár dtodhchaí, ár bhfreagracht’ arna glacadh ag an 2ú Comhdháil Aigéin de chuid na Náisiún Aontaithe (‘Dearbhú Liospóin’) lena seoltar caibidil nua idirnáisiúnta maidir le gníomhaíocht na n-aigéan; IARRANN SÍ go ndéanfar é a chur chun feidhme go hiomlán agus CUIREANN SÍ I dTREIS, i ndáil leis an méid sin, liosta na ngealltanas deonach a thíolaic an tAontas agus a Bhallstáit; IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin na ‘Gealltanais Brest maidir leis na hAigéin’ a rinneadh ag an gCruinniú Mullaigh ‘One Ocean’ i mí Feabhra 2022, eagrú an 9ú Comhdháil Our Ocean ag an nGréig in 2024 agus an togra ón bhFrainc agus ó Chósta Ríce chun an chéad chomhdháil Aigéin eile de chuid na Náisiún Aontaithe a óstáil in 2025;

2. is cúis mhór imní di I gCÓNAÍ an éigeandáil dhomhanda atá i ndán don aigéan agus an mhainneachtain chomhchoiteann targaidí Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (‘SDG’) 14.2, 14.4 agus 14.5 faoi Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach faoi 2020; IS DÍOL SÁSAIMH DI an dearbhú aireachta ón gcuid ardleibhéil de sheisiún 2022 de Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe agus an Fóram Polaitiúil Ardleibhéil maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe lena n-athdhearbhaítear go láidir an tiomantas na haigéin, na farraigí agus na hacmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe agus a bhainistiú agus gníomhú go cinntitheach agus go práinneach, gníomhaíocht na n-aigéan a mhéadú chun dlús a chur le cur chun feidhme spriocanna uile SDG 14;

[20] 13994/22
[21] 13975/22

3. CUIREANN SÍ I dTREIS na hidirnaisc agus na sineirgí idir SDG 14 agus SDGanna eile go háirithe SDG 2 maidir le slándáil bia, SDG 6 maidir le huisce glan, SDG 7 maidir le fuinneamh inacmhainne agus glan, SDG 8 maidir le hobair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch, SDG 12 maidir le tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe, SDG 13 maidir leis an athrú aeráide, SDG 15 maidir le beatha ar thalamh agus SDG 17 maidir le comhpháirtíocht do na spriocanna; MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil gá le cur chuige trasearnálach chun spriocanna sannta na SDGanna sin a bhaint amach, lena n-áirítear an bhéim a chuirtear ar na tíortha is lú forbairt agus ar Stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha;

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI cur i láthair na Teachtaireachta comhpháirtí maidir le clár oibre an Aontais maidir le Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan: *Setting the course for a sustainable blue planet*[22] [An bealach a shocrú do phláinéad gorm inbhuanaithe], i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip ina léirítear rannpháirtíocht láidir an Aontais agus a Bhallstát san aigéan; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cuid de fhreagairt an Aontais do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe é an clár oibre sin;

5. MEABHRAÍTEAR DI gur dlúthchuid de chur chuige cuimsitheach agus trasearnála i leith rialachas na n-aigéan é geilleagar gorm, nuálach, iomaíoch agus inbhuanaithe; ADMHAÍONN SÍ go bhfuil teicneolaíochtaí nuálacha ina spreagadh ríthábhachtach don aistriú chuig geilleagar gorm inbhuanaithe agus do chruthú post glas;

6. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil infheistíochtaí méadaithe príobháideacha agus poiblí bunriachtanach chun aistriú chuig rialachas comhtháite inbhuanaithe na n-aigéan agus chuig geilleagar gorm san Aontas agus ar fud an domhain; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá ionstraimí maoinithe inbhuanaithe chun an t-aistriú sin a chur chun cinn agus a thiomáint; IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair a rinne UNEP-FI chun tógáil ar Phrionsabail Airgeadais an Gheilleagair Ghoirm Inbhuanaithe chomh maith le seoladh an dara céim den tionscnamh BlueInvest, an chomhpháirtíocht maidir leis an ngeilleagar gorm inbhuanaithe faoin gclár Fís Eorpach agus tionscnamh nua InvestEU maidir leis an nGeilleagar Gorm;

7. ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas láidir an Aontais agus a Bhallstát ról lárnach a bheith acu san iarracht dhomhanda chun an t-aigéan domhanda a chosaint, a chaomhnú, a athbhunú agus a úsáid go hinbhuanaithe agus go cothrom tríd an méid seo a leanas:

[22] JOIN(2022) 28 final

**I. An creat um rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a neartú**

8. ATHDHEARBHAÍONN SÍ, mar a chuirtear in iúl i Rún A/RES/76/72 ó na Náisiúin Aontaithe an 21 Nollaig 2021, go leagtar amach le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an creat dlíthiúil faoina gcuirtear na gníomhaíochtaí uile ar na haigéin agus ar na farraigí i gcrích; agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ freisin go bhfuil rannpháirtíocht idirnáisiúnta trí iltaobhachas láidir riailbhunaithe ríthábhachtach chun torthaí fóinteacha a bhaint amach maidir le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a fheabhsú;

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an dul chun cinn cinntitheach a rinneadh le linn na chéad choda den 5ú Seisiún den Chomhdháil Idir-rialtasach (IGC-5) maidir le hionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige i ndáil le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na héagsúlachta bitheolaíche muirí i limistéir lasmuigh de dhlínsí náisiúnta (‘BBNJ’); MOLANN SÍ ról na Comhghuaillíochta Ard-Uaillmhéine ar Bhithéagsúlacht lasmuigh den dlínse náisiúnta a bunaíodh ag an gCruinniú Mullaigh ‘One Ocean’ agus ag na Ceannairí Gorma maidir le conradh uaillmhianach a shlógadh; IARRANN SÍ go gcuirfí bailchríoch ar an gcaibidlíocht go pras agus tá sí tiomanta I gCÓNAÍ leas a bhaint as giaráil thaidhleoireachta agus acmhainneachtaí for-rochtana uile an Aontais d’fhonn teacht ar chomhaontú uaillmhianach éifeachtach gan mhoill;

10. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sé ar cheann de na tosaíochtaí do rialachas idirnáisiúnta éifeachtúil agus éifeachtach na n-aigéan ionstraimí iltaobhacha idirnáisiúnta agus réigiúnacha atá ann cheana a neartú agus a chomhordú faoi UNCLOS, arb é is aidhm dóibh comhar frithpháirteach feabhsaithe agus comhtháthú treisithe a bheith ann; MEASANN SÍ gur cheart don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit, go háirithe trína ngníomhaíochtaí taidhleoireachta, an gá atá le feabhas a chur ar fhaireachán agus ar chomhlíonadh na mbeart arna gcomhaontú faoi chuimsiú rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a chur i dtreis;

11. IARRANN SÍ ar an Aontas agus ar na Ballstáit gníomhaíochtaí a dhéanamh agus tacú leo, bunaithe ar a n-inniúlachtaí faoi seach, chun a áirithiú ar an leibhéal déthaobhach agus ar an leibhéal iltaobhach go gcloíonn gach Stát lena n-oibleagáidí idirnáisiúnta, go háirithe iad siúd atá ag feidhmiú mar chláir oscailte, mar a leagtar amach i gcoinbhinsiúin ábhartha idirnáisiúnta;

12. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS ról na Pleanála Spásúla Muirí (MSP), bunaithe ar chur chuige bainistithe bunaithe ar éiceachórais, chun tacú le spriocanna caomhnaithe agus athchóirithe a bhaint amach, chun tionchair dhíobhálacha ghníomhaíochtaí an duine i limistéir chósta agus amach ón gcósta a mhaolú agus a íoslaghdú, chomh maith lena rannchuidiú le geilleagar gorm iomaíoch agus inbhuanaithe; AITHNÍONN SÍ go bhfuil taithí shuntasach faighte ag an Aontas agus a Bhallstáit sa réimse sin agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an dul chun cinn a rinneadh trí thionscnamh domhanda MSP; i ndáil leis an méid sin, MOLANN SÍ don Choimisiún treochlár comhpháirteach nua 5 bliana a sheoladh le Coimisiún Idir-Rialtasach Aigéaneolaíochta UNESCO (IOC-UNESCO) chun MSP a chur chun cinn ar fud an domhain;

**Bithéagsúlacht na mara a chosaint agus a chaomhnú**

13. Is cúis mhór bhuartha di I gCÓNAÍ seachadadh teoranta Spriocanna Aichi faoin gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch; MEABHRAÍTEAR DI na teachtaireachtaí práinneacha maidir le hathrú claochlaitheach i dTuarascáil Mheasúnachta Dhomhanda 2019 ón gClár Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES) agus IS DÍOL SÁSAIMH DI a thuarascáil nua maidir le Measúnú ar Luachanna, ina gcuirtear i dtreis an gá atá le héagsúlacht na luachanna dúlra a chomhtháthú i gcinntí polaitiúla agus eacnamaíocha, agus maidir le hÚsáid Inbhuanaithe, ina n-iarrtar iarrachtaí níos láidre chun speicis fhiáine a bhainistiú; ÁITÍONN SÍ go gcuirfí moltaí na dtuarascálacha sin san áireamh agus go gcomhtháthófaí éagsúlacht na luachanna dúlra i gcinntí polaitiúla agus eacnamaíocha;

14. IARRANN SÍ go nglacfaí creat bithéagsúlachta domhanda tar éis 2020 a bheidh uaillmhianach, cuimsitheach agus claochlaitheach chun go nglacfar é ag an dara cuid den 15ú Comhdháil de Pháirtithe an Choinbhinsiúin maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch d'fhonn gníomhaíocht phráinneach agus chlaochlaitheach a spreagadh chun cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú chun domhan atá dearfach ó thaobh an dúlra de a bhaint amach faoi 2030, lena n-áirítear na cuspóirí 30 % ar a laghad de na haigéin a chaomhnú ar fud an domhain faoi 2030 trí líonraí de limistéir mhuirí faoi chosaint (MPA) a bhainistítear go héifeachtach agus atá á rialú go cothrom, atá ionadaíoch ó thaobh na héiceolaíochta de agus a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile;

15. MEABHRAÍTEAR DI Rún 61/295 ó na Náisiúin Aontaithe an 13 Meán Fómhair 2007 lena nglactar an Dearbhú maidir le Cearta na bPobal Dúchasach; ADMHAÍONN SÍ an ról tábhachtach atá ag pobail dhúchasacha mar shealbhóirí eolais dhúchasaigh ar éiceachórais mhuirí; tá sí tiomanta I gCÓNAÍ agus gníomhaíochtaí á ndéanamh chun na héiceachórais mhuirí sin a chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe a bhaint astu, tacú le rannpháirtíocht agus comhar le pobail dhúchasacha agus pobail áitiúla agus rannpháirtíocht na bpobal sin a chur chun cinn;

16. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gurb í an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (MSFD) an ionstraim uileghabhálach maidir le cosaint mhuirí laistigh den Aontas Eorpach atá á hathbhreithniú faoi láthair; CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart go mbeadh sé d'aidhm ag ionstraimí earnála ábhartha cuspóirí na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí agus níos comhtháite mar ábhar práinne chun Dea-Stádas Comhshaoil a bhaint amach a luaithe is féidir;

17. TACAÍONN SÍ leis an obair thábhachtach atá déanta ag Ballstáit an Aontais faoi chuimsiú an Údaráis Idirnáisiúnta um Ghrinneall na Farraige (ISA) chun córas rialála fónta a bhunú maidir le mianadóireacht dhomhain, a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, atá bunaithe ar phrionsabal an réamhchúraim chomh maith leis na caighdeáin chomhshaoil is airde agus eolas eolaíoch leordhóthanach, chun a áirithiú nach mbeadh aon éifeachtaí díobhálacha ag gníomhaíocht den sórt sin aon ar an muirthimpeallacht sa Limistéar, mar a shainítear le UNCLOS;

18. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá feabhas a chur ar an eolas eolaíoch ar an domhainfharraige agus go háirithe TACAÍONN SÍ leis an 'Tionscnamh Eolais Inbhuanaithe ar Ghrinneall na Farraige' chun bunús eolaíoch chosaint agus bhainistiú an chomhshaoil a neartú sna réigiúin ollmhóra dhomhainfharraige lasmuigh den dlínse náisiúnta i gcomhréir le Plean ISA a glacadh in 2020 agus le Gníomhaíochtaí Dheacáid Aigéin na Náisiún Aontaithe chun taighde eolaíoch muirí a chur chun cinn sa Limistéar; TUGANN SÍ DÁ hAIRE agus is díol sásaimh di go dtacaíonn an tAontas leis an tionscnamh seo ó thaobh airgeadais de;

19. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an beartas nuashonraithe maidir le rannpháirtíocht níos láidre AE le haghaidh Artach síochánta, inbhuanaithe agus rathúil[23] agus IS DÍOL SÁSAIMH DI teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe chun cosc a chur ar iascach mórmhara neamhrialáilte san Aigéan Artach Láir; ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sí tiomanta do chur chun feidhme iomlán an chomhaontaithe;

20. TACAÍONN SÍ le bithéagsúlacht mhuirí an Artaigh a chosaint, lena n-áirítear, i measc uirlisí eile, trí MPAnna agus bearta caomhnaithe éifeachtacha limistéarbhunaithe eile a ainmniú**,** lena dtugtar aghaidh ar an mbrú san Aigéan Artach ag eagraíochtaí agus ionstraimí ábhartha, amhail an Chomhairle Artach, an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) agus an Coinbhinsiún maidir le chosaint mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh;

21. Tá sí tiomanta I gCÓNAÍ do gach iarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú a luaithe is féidir maidir le trí MPA ollmhóra nua a ainmniú san Aigéan Theas, go háirithe i Muir Weddell, san Antartaice Thoir agus timpeall Leithinis an Antartaigh Thiar;

[23] JOIN(2021) 27 final

**Iascaigh agus dobharshaothrú atá inbhuanaithe**

22. IS DÍOL SÁSAIMH DI torthaí rathúla an 12ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála maidir le gnéithe tábhachtacha de thabhairt i gcrích an chomhaontaithe stairiúil maidir le fóirdheontais iascaigh a bhfuiltear ag súil leis le fada i gcomhréir le SDG 14.6 de chuid na Náisiún Aontaithe, arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar fhóirdheontais dhíobhálacha, rud atá ina chéim mhór chun cinn maidir le hinbhuanaitheacht na n-aigéan; ÁITÍONN SÍ go ndéanfar é a chur chun feidhme go hiomlán agus IARRANN SÍ an comhaontú a thabhairt chun críche a luaithe is féidir le gnéithe nár comhaontaíodh go fóill i ndáil le fóirdheontais ar ró-acmhainneacht agus ró-iascaireacht; TACAÍONN SÍ le hiarrachtaí an Choimisiúin comhaontú uaillmhianach a thabhairt i gcrích, agus fanacht i gcomhréir le beartais ábhartha an Aontais lena n-áirithítear iascach inbhuanaithe;

23. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil cistiú poiblí faoi chuimsiú an Chomhbheartais Iascaigh ina phríomhchumasóir don iascach inbhuanaithe agus do chaomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara agus go ndéantar é a shainiú agus a chur chun feidhme ar bhealach nach gcuireann leis an ró-acmhainn agus leis an ró-iascaireacht;

24. ATHDHEARBHAÍONN SÍ seasamh neamhfhulaingthe an Aontais maidir le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) agus a thiomantas deireadh a chur le hiascaireacht NNN i gcomhréir le SDG 14.4; TACAÍONN SÍ, i ndáil leis an méid sin, le huirlisí iomchuí TF a fhorbairt chun tacú le scéim deimhnithe gabhála an Aontais agus le hidirphlé iascaigh NNN le tíortha nach bhfuil san Aontas, comhar idirnáisiúnta agus iltaobhach neartaithe, lena n-áirítear daingniú agus cur chun feidhme uilechoiteann Chomhaontú FAO ar Bhearta Stát an Chalafoirt a chur chun cinn, oibleagáidí idirnáisiúnta na Stát brataí a chomhlíonadh, go háirithe iad siúd atá ag feidhmiú mar chláir oscailte, cloí le treoirlínte deonacha FAO maidir le trasloingsiú, sásraí éifeachtacha frith-NNN ar fud na nEagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh uile (ERBI), trédhearcacht agus inrianaitheacht mhéadaithe, comhroinnt faisnéise agus forfheidhmiú, chomh maith le faireachán, rialú agus faireachas níos láidre;

25. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta i mbainistiú iascaigh trí phríomhról ERBInna a neartú i gcreat Chomhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Stoic Éisc (UNFSA) agus IS FADA LÉI toradh Chomhdháil Athbhreithnithe UNFSA in 2023; ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas an Aontais leanúint de bheith ag éileamh go ndéanfaí Comhlachtaí Réigiúnacha Iascaigh a uasghrádú in ERBInna, go háirithe an Coiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir agus Coimisiún Iascaigh an Atlantaigh Thiar Láir;

26. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá tacú le cothrom na Féinne chomh maith le slabhraí luacha freagracha agus inbhuanaithe ar an leibhéal idirnáisiúnta san iascach agus sa trádáil i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe araon chun iomaíochas an tionscail a choinneáil agus, ag an am céanna, biafhlaitheas an Aontais a choinneáil i gcomhréir le beartas nua an Aontais maidir le beartas trádála oscailte, inbhuanaithe agus teanntásach chomh maith leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc';

27. ADMHAÍONN SÍ go rannchuidíonn dobharshaothrú inbhuanaithe le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus le cuspóirí thionscnamh an Chlaochlaithe Ghoirm de chuid straitéis FAO 2022-2031 a bhaint amach chomh maith le slándáil bia an Aontais; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an obair leanúnach atá á déanamh ag FAO ar Threoirlínte maidir le Dobharshaothrú Inbhuanaithe agus IARRANN SÍ go dtabharfaí treoirlínte uaillmhianacha agus cuimsitheacha lena gcomhdhlúthaítear na huirlisí agus na dea-chleachtais uile atá ar fáil chun críche go pras, agus bealaí nithiúla a chur ar fáil d'fhás inbhuanaithe an dobharshaothraithe dhomhanda a chomhlánódh treoirlínte straitéiseacha an Choimisiúin maidir le Dobharshaothrú an Aontais níos inbhuanaithe agus níos iomaíche don tréimhse 2021 go 2030; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur foilsíodh an Teachtaireacht 'I dtreo earnáil algaí AE atá láidir agus inbhuanaithe'[24];

[24] COM(2022) 592 final

**II. I dtreo inbhuanaitheacht na n-aigéan a bhaint amach faoi 2030**

**An t-aigéan agus an t-athrú aeráide**

28. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil ról ríthábhachtach ag an aigéan mar rialtóir ar aeráid agus ar theocht an phláinéid, agus gurb é príomhlinn charbóin an phláinéid í agus gur foinse thábhachtach bhithéagsúlachta é; agus is é an príomhrialtóir ar theocht an phláinéid é chomh maith le maolán d'éifeachtaí domhanda an athraithe aeráide; Cúis mhór imní di I gCÓNAÍ na héifeachtaí díobhálacha agus méadaitheacha atá ag an athrú aeráide agus ag astaíochtaí gás ceaptha teasa ar ghníomhaíochtaí daonna an aigéin agus na mara agus ar phobail chósta, lena n-áirítear tonnta teasa muirí, téamh, aigéadú agus dí-ocsaiginiú na n-aigéan, leá oighir, coscairt talún síorshioctha, ardú domhanda ar leibhéal na farraige agus imeachtaí foircneacha ar leibhéal na farraige;

29. MEABHRAÍTEAR DI torthaí Thuarascáil Speisialta 2019 maidir leis an Aigéan agus an Cróisféar (SROC) in Aeráid atá ag Athrú ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) agus an méid a chuir gach ceann de na trí Mheitheal leis an Séú Tuarascáil Mheasúnaithe ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (AR6); ÁITÍONN SÍ gur gá breithniú a dhéanamh ar chásanna réamh-mheasta IPCC den sórt sin atá comhsheasmhach le spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras i bhforbairt beartas agus gníomhaíochtaí chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú d'iarmhairtí dosheachanta an athraithe aeráide;

30. MEABHRAÍTEAR DI 'Comhshocrú Aeráide Ghlaschú' a glacadh ag COP 26 lena n-iarrtar ar chláir oibre ábhartha agus ar chomhlachtaí comhdhéanta faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíocht atá bunaithe ar na haigéin a chomhtháthú agus a neartú agus ar an gcinneadh idirphlé bliantúil a reáchtáil maidir leis an aigéan agus maidir leis an athrú aeráide chun gníomhaíocht maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide a neartú; IS DÍOL SÁSAIMH DI an chéad idirphlé bliantúil a tionóladh in Bonn i mí an Mheithimh 2022;

31. MEABHRAÍTEAR DI gurb é Measúnú ar Aigéan Domhanda 2021 (WOA II) príomh-aschur an dara timthriall de Phróiseas Rialta na Náisiún Aontaithe maidir le Tuairisciú agus Measúnú Domhanda ar Stáit na Muirthimpeallachta;

32. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an nasc idir an aeráid agus an bhithéagsúlacht agus an gá atá le tionchair charnacha agus sásraí aiseolais a shainaithint, a mheasúnú agus aghaidh a thabhairt orthu maidir leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais mhuirí agus a seirbhísí, lena n-áirítear pointí iompaithe, agus bearta agus gníomhaíocht a fhorbairt lena laghdófar agus lena maolófar na tionchair sin agus úsáid á baint as an eolaíocht is fearr atá ar fáil;

33. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá réitigh dhúlrabhunaithe a fhorbairt agus a úsáid chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus chun athléimneacht ár n-aigéan a neartú;

34. IS DÍOL SÁSAIMH DI seoladh an mhisin 'Ár nAigéin agus ár nUiscí a Athbhunú faoi 2030'[25], agus na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu, chomh maith leis an misean 'Oiriúnú don Athrú Aeráide', go háirithe na gníomhaíochtaí a bhaineann le hathléimneacht chósta atá ábhartha go háirithe do ghníomhaíocht na n-aigéan; IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar na geallsealbhóirí uile dul i dteagmháil leis na misin sin agus páirt a ghlacadh sna hiarrachtaí chun cuspóirí na misean a bhaint amach trí chloí le cairteanna na misean agus, ar an gcaoi sin, gníomhaíochtaí nithiúla a dhéanamh;

35. MEABHRAÍTEAR DI tiomantas an Aontais aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 lena n-áirítear trí fhuinneamh inbhuanaithe agus inathnuaite amach ón gcósta, trí dhícharbónú na hiascaireachta, na loingseoireachta agus gníomhaíochtaí muirí eile; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thiomanta atá an tAontas agus a Bhallstáit tacú leis an athbhreithniú ar straitéis tosaigh na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) d'fhonn deireadh a chur de réir a chéile le hastaíochtaí saolré GCT ón loingseoireacht idirnáisiúnta faoi 2050 ar a dhéanaí agus i gcomhréir le spriocanna teochta Chomhaontú Pháras lena n-áirítear an aidhm an t-ardú teochta a theorannú go 1.5ºC;

[25] COM(2021) 609 final

36. TACAÍONN SI leis an aistriú fuinnimh a bhfuil dícharbónú na hearnála iascaigh agus dobharshaothraithe mar thoradh air; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún bearta iomchuí a mholadh, lena n-áirítear staidéar sonrach a dhéanamh d'earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na n-astaíochtaí GCT de réir earnála agus chun anailís a dhéanamh ar an gcostas agus ar na deiseanna a eascraíonn as na roghanna beartais éagsúla atá ar fáil chun dlús a chur leis an aistriú fuinnimh sin ar an leibhéal Eorpach, agus a éagsúlacht agus srianta sonracha á gcur san áireamh chomh maith leis an bhféidearthacht maidir le scéimeanna dreasachta a fhorbairt agus tacaíocht airgeadais a oiriúnú lena n-áirítear tríd an reachtaíocht ábhartha lena gcuirtear leis an aistriú fuinnimh a leasú agus, ag an am céanna gan an bonn a bhaint den Chomhbheartas Iascaigh;

37. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé an loingseoireacht agus an t-iompar muirí a dhícharbónú agus bogadh i dtreo foinsí fuinnimh inathnuaite agus breoslaí GCT íseal-astaíochtaí agus glan-nialasacha feadh a saolré a úsáid chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus na spriocanna teochta a leagtar amach i gComhaontú Pháras a bhaint amach, lena n-áirítear do longa amach anseo nach gcumhdaítear le ceanglais éigeantacha idirnáisiúnta agus de chuid an Aontais, faoi réir measúnú ar na tairbhí agus ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an leathnú sin; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar bhearta a d'fhéadfadh a bheith ann chun tacú leis an aistriú fuinnimh agus leis an dícharbónú, go háirithe trí thaighde, forbairt agus infheistíocht a chur chun cinn le haghaidh teicneolaíochtaí éifeachtúla agus nuálacha;

**Truailliú na mara agus an aeir a chomhrac**

38. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur foilsíodh an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Pathway to a healthy planet for all – EU Action Plan: 'Towards zero pollution for air, water and soil'*[26] [Conair chuig pláinéad sláintiúil do chách – Plean Gníomhaíochta an Aontais: 'I dtreo truailliú nialasach san aer, san uisce agus san ithir'] a chuirfidh le feabhas a chur ar an muirthimpeallacht san Aontas agus níos faide i gcéin;

39. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé sineirgí idir SDGanna 6 agus 14 a neartú chun dlús a chur le cur chun feidhme na spriocanna gaolmhara[27];

[26] COM(2021) 400 final
[27] Go háirithe SDG 6.3 agus 14.1

40. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil gá le comhar réigiúnach éifeachtach laistigh de chomhlachtaí comhair amhail na Coinbhinsiúin maidir le Farraigí Réigiúnacha chun an comhshaol muirí agus cósta a chosaint; ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sé ar intinn ag an Aontas a bheith rannpháirteach sa Choinbhinsiún maidir leis an Muir Dhubh a Chosaint ar Thruailliú;

41. IS DÍOL SÁSAIMH DI an cinneadh ón 78ú seisiún de Choiste IMO um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí (MEPC) lena bhformheastar bunú Limistéar Rialaithe Astaíochtaí Ocsaídí Sulfair ($SO_x$-ECA) sa Mheánmhuir ina hiomláine, lena ghlacadh i mí na Nollag 2022 ag an 79ú seisiún de MEPC agus lena theacht i bhfeidhm faoi 2025; MOLANN SÍ go ndéanfaí tuilleadh oibre laistigh de Choinbhinsiún Barcelona de chuid Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe – Plean Gníomhaíochta na Meánmhara (UNEP-MAP) maidir le Limistéar Rialaithe Astaíochtaí Ocsaídí Nítrigine ($NO_x$-ECA) sa Mheánmhuir bunaithe ar thaighde iomchuí a chuireann le grinnstaidéar measúnaithe tionchair agus i gcomhréir le rialacha IMO;

42. CUIREANN SÍ I dTREIS a dhiongbháilte atá an tAontas agus a Bhallstáit obair a dhéanamh chun obair IMO a thabhairt chun críche go rathúil maidir le hastaíochtaí torainn faoi uisce a laghdú, ar astaíochtaí iad a mbíonn tionchar tromchúiseach acu ar an mbithéagsúlacht mhuirí; agus TACAÍONN SÍ le bunú Limistéar Ardíogaireachta Mara (PSSA) amach anseo, go háirithe sa Mheánmhuir Thiar Thuaidh, sna huiscí atá faoi dhlínse na Fraince, na hIodáile, na Spáinne agus Mhonacó, chun imbhuailtí idir céiticigh mhóra agus longa a chosc agus a laghdú;

43. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an gá atá ann feabhas breise a chur ar cheanglais éigeantacha idirnáisiúnta agus Aontais maidir le soithí tráchtála chun truailliú aeir agus mara a chosc agus a laghdú a thuilleadh trí leanúint de bheith ag obair, i measc nithe eile, ar bhunú $NO_x$-ECAnna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo bunaithe ar staidéir measúnaithe tionchair i gcomhréir le rialacha IMO, trí shrian a chur le sceití uiscí níocháin ó sciúrthóirí lúb oscailte i limistéir áirithe agus trí cheanglais maidir le sceití séarachais a fheabhsú;

44. IS DÍOL SÁSAIMH DI Rún 5/14 ó Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEA-5) maidir le deireadh a chur le truailliú plaisteach trí aghaidh a thabhairt ar shaolré iomlán an phlaistigh agus trí gheilleagar ciorclach plaisteach a chruthú, lena n-áirítear táirgeadh, dearadh, tomhaltas agus bainistiú fónta comhshaoil dramhaíola; ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas an Aontais agus a Bhallstát páirt ghníomhach a ghlacadh i gcaibidlíocht chun comhaontú uaillmhianach idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí a thabhairt i gcrích chun deireadh a chur le truailliú plaisteach, lena n-áirítear sa mhuirthimpeallacht agus, i gcás inarb indéanta, truailliú plaisteach atá ann cheana, laistigh den am atá leagtha síos;

45. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair leanúnach a rinneadh faoi Straitéis agus Plean Gníomhaíochta IMO chun aghaidh a thabhairt ar bhruscar plaisteach muirí ó longa nach sceitheann dramhaíl phlaisteach ar muir ó longa faoi 2025 agus tá sí tiomanta I gCÓNAÍ do pháirt ghníomhach a ghlacadh in obair ar bhearta lena dtugtar aghaidh ar thorthaí inmhianaithe an Phlean lena n-áirítear feabhas a chur ar thuairisciú ar threalamh iascaireachta caillte agus ar mharcáil éigeantach trealaimh iascaireachta faoi Choinbhinsiún MARPOL i gcomhar leis an earnáil iascaigh, le ERBInna agus leis na Coinbhinsiúin maidir le Farraigí Réigiúnacha;

46. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR gur gá do na Ballstáit tabhairt faoi thaiscéalaíocht eolaíoch agus forbairt a dhéanamh ar an Dea-Chleachtas Comhshaoil (BEP) chomh maith leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BAT) chun dul i ngleic le saincheist na ngnáthmhuinisean, na gceimiceán agus na muinisean pléascach a dhumpáiltear ar muir agus iarrann sí orthu comhar gníomhach a dhéanamh idir na Ballstáit agus eagraíochtaí idirnáisiúnta chun bainistiú córasach a dhéanamh ar ábhair ghuaiseacha dumpáilte atá ina mbagairt ar an muirthimpeallacht, agus chun foinsí féideartha maoinithe ón Aontas a fhiosrú;

## III. Slándáil agus sábháilteacht mhuirí a áirithiú ar muir

### Slándáil Mhuirí

47. Is cúis mhór bhuartha di an teannas geopholaitiúil atá ag dul i méid agus an éifeacht dhíobhálach a bhíonn acu ar an tslándáil mhuirí mar a léirítear le fogha na Rúise i gcoinne na hÚcráine, rud a chuir leis an éagobhsaíocht agus leis an neamhshlándáil go háirithe sa Mhuir Dhubh, i Muir Mheoid agus i réigiúin Mhuir Bhailt a bhfuil éifeachtaí iarmharta acu a d’fhéadfadh difear a dhéanamh d’imchuacha teorannacha na Meánmhara agus an Atlantaigh;

48. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil ceanglais shonracha mhuirí ag na Ballstáit maidir le slándáil agus cosaint náisiúnta nach mór a chur san áireamh;

49. MEABHRAÍTEAR DI gur dlúthchuid í an tslándáil mhuirí de chur chuige cuimsitheach maidir le rialachas na n-aigéan agus go bhfuil an tAontas ag neartú a róil mar sholáthraí slándála muirí domhanda laistigh agus lasmuigh dá theorainneacha; i ndáil leis an méid sin, IARRANN SÍ freisin go bhfuil an chomhpháirtíocht le ECAT fós bunriachtanach, lena n-áirítear sa réimse muirí, agus i gcomhréir le Compás Straitéiseach an Aontais, go leanfar den chomhar chun tairbhe don dá thaobh agus den obair choiteann atá á déanamh againn maidir le feabhas a chur ar an tslándáil mhuirí de réir phrionsabail na cuimsitheachta, na cómhalartachta, na hoscailteachta agus na trédhearcachta, chomh maith le neamhspleáchas cinnteoireachta an dá eagraíocht; MEABHRAÍTEAR DI freisin go bhfuil an chomhpháirtíocht le IMO fós ar cheann de na príomhghnéithe chun cosc a chur ar bhagairtí ó ghníomhartha neamhdhleathacha d'aon ghnó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do longa agus do shaoráidí calafoirt; agus CUIREANN SÍ I dTREIS ina leith sin a thábhachtaí atá rannchuidiú na n-údarás náisiúnta maidir le slándáil long agus saoráidí calafoirt a fheabhsú;

50. Meabhraíonn sí a thábhachtaí atá sé éascú a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar an gcumarsáid agus ar an gcomhordú idir tionscnaimh mhuirí réigiúnacha de chuid an Aontais agus na mBallstát a bhfuil cuspóirí trasearnála acu agus leas iomlán a bhaint as na beartais, na huirlisí agus na hionstraimí míleata agus sibhialtacha uile de chuid an Aontais atá ar fáil;

51. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí agus a phráinní atá sé feabhas a chur ar athléimneacht bhonneagair ríthábhachtacha fhomhuirí an Aontais, amhail cáblaí mara agus píblínte, chomh maith le hiarrachtaí a mhéadú chun dul i ngleic le saincheisteanna cibearshlándála sa réimse muirí; i ndáil leis an méid sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI an dréachtmholadh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe ón Aontas chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú, agus, sa chomhthéacs sin, iarrann sí ar na Ballstáit bearta práinneacha éifeachtacha a dhéanamh, agus oibriú i gcomhar le chéile, leis an gCoimisiún agus le gníomhaithe ábhartha eile[28];

[28] 13713/22

52. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur sprioc leanúnach ríthábhachtach é idir-inoibritheacht agus idirnascacht na gcóras faireachais muirí ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a neartú mar a dhéantar tríd an tionscadal Timpeallacht Chomónta um Chomhroinnt Faisnéise ('CISE') chun feasacht mhuirí a fheabhsú agus, ar an gcaoi sin, chun rialachas muirí níos fearr a bhaint amach;

53. CUIREANN SÍ I dTREIS rannchuidiú fheidhmeanna an gharda cósta le slándáil mhuirí an Aontais; MOLANN SÍ go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar thionscnaimh le haghaidh comhar feabhsaithe, malartú taithí agus dea-chleachtas i measc Bhallstáit an Aontais sa chreat sin agus IS DÍOL SÁSAIMH DI gur glacadh an Moladh ón gCoimisiún maidir le lámhleabhar praiticiúil do chomhar garda cósta[29];

54. IS FADA LÉI tograí ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí maidir le Straitéis Slándála Muirí an Aontais agus a plean gníomhaíochta a nuashonrú;

**Sábháilteacht ar muir agus dálaí oibre cuibhiúla a chur chun cinn ar fud an domhain**

55. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil dálaí oibre dúshlánacha, guaiseacha agus ardriosca ag baint leis na hearnálacha iascaireachta agus muirí chomh maith le taighde muirí ar muir;

56. MEABHRAÍTEAR DI go gcuireann an tAontas obair chuibhiúil san iascach chun cinn i gcomhréir le cuspóirí na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS), na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) agus Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO); IS DÍOL SÁSAIMH DI gur foilsíodh an Teachtaireacht maidir le hobair chuibhiúil ar fud an domhain le haghaidh aistriú cóir domhanda agus téarnamh inbhuanaithe[30];

57. IS DÍOL SÁSAIMH DI códú na bhforálacha maidir le híosleibhéal oiliúna maraithe i reachtaíocht an Aontais[31] tar éis Choinbhinsiún Idirnáisiúnta 1978 maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe 1 (Coinbhinsiún STCW) de chuid IMO;

[29] C(2021) 5310 final
[30] COM(2022) 66 final
[31] Treoir (AE) 2022/993 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2022 maidir leis an íosleibhéal oiliúna ar mharaithe, IO L 169,27.6.2022, lch. 45-90

58. IARRANN SÍ go gcuirfí dlús le daingniú Chomhaontú Cape Town 2012 de chuid IMO lena leagtar síos caighdeáin sábháilteachta do shoithí iascaireachta;

59. IARRANN SÍ ar na Ballstáit Coinbhinsiún 188 EIS maidir le hobair in earnáil na hiascaireachta a dhaingniú go pras, lena gceadaítear don Stát brataí caighdeáin shóisialta ar shoithí iascaireachta a iniúchadh agus a rialú, mar aon le Coinbhinsiún IMO STCW-F maidir le caighdeáin oiliúna agus faire d'iascairí; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún freisin breithniú a dhéanamh ar bhearta cigireachta agus deimhniúcháin shóisialta Choinbhinsiún 188 EIS a thrasuí i reachtaíocht an Aontais;

**IV. An bonn eolais faoin aigéan a fhorbairt**

60. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur síníodh Dearbhú nua Chomhaontas Taighde agus Nuálaíochta an Aigéin Atlantaigh, lena leagtar amach conair chomhchoiteann chun tosaigh do chomhar taighde ar na haigéin san Atlantach, ón Mhol go Mol, do na 10 mbliana amach romhainn;

61. TACAÍONN SÍ le forbairt an Leathchúpla Dhigitigh Eorpaigh don Aigéan faoi 2024 mar rannchuiditheoir le rialachas domhanda na n-aigéan agus leis an ngeilleagar gorm inbhuanaithe, athléimneacht i gcoinne an athraithe aeráide agus caomhnú na bithéagsúlachta, lena n-áirítear trí thacaíocht AE ón Misean 'Ár nAigéin agus ár nUiscí a Athbhunú faoi 2030', ardán EMODNet, cláir spáis Copernicus agus Galileo, chun eolas faoi na haigéin, samhail den aigéan, cásanna tástála le haghaidh gníomhaíochtaí a thabhairt le chéile agus eolas faoi na haigéin a chur ar fáil go héasca do lucht déanta beartas, d'eolaithe, do gheallsealbhóirí príobháideacha agus do shaoránaigh;

62. MEABHRAÍTEAR DI go rannchuidíonn eolaíocht aigéin na hEorpa le Deacáid na hEolaíochta Aigéin um Fhorbairt Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe (UN DOS) faoi stiúir IOC-UNESCO agus le Deich mBliana na Náisiún Aontaithe maidir le hAthchóiriú Éiceachórais chun tacú le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus chun é a threorú, go háirithe do SDGanna 13, 14 agus 17;

63. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil gá le soithí taighde san Eoraip, agus sásra rochtana trasnáisiúnta do thaighdeoirí Eorpacha ar na soithí sin, chomh maith le hardáin bhreathnóireachta uathrialaitheacha, i bhfianaise na ról iomadúil atá acu chun tacú leis an eolaíocht mhuirí agus le breathnú na n-aigéan; IARRANN SÍ ar na Ballstáit tacú leis na bonneagair sin, trí infheistíochtaí fadtéarmacha;

64. IS FADA LÉI an tionscnamh ón gCoimisiún maidir le breathnóireacht aigéan lena ndírítear ar chur chuige comhleanúnach a bhaint amach maidir le breathnóireacht Eorpach na n-aigéan;

65. IARRANN SÍ go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí chun comhar níos dlúithe a mhéadú san Eoraip agus níos faide i gcéin idir taighdeoirí, geallsealbhóirí, cinnteoirí agus na saoránaigh maidir le heolas faoi na haigéin a fhorbairt; TACAÍONN SÍ le slógadh an phobail agus go háirithe an óige, trí chomhchruthú agus comhdhearadh, eolaíocht na saoránach, oideachas, litearthacht agus feasacht mar aon le maoirseacht agus obair dheonach chun an pobal a spreagadh agus chun cuidiú leis an athrú claochlaitheach is gá a spreagadh chun an t-aigéan agus na huiscí a athbhunú; IS DÍOL SÁSAIMH DI an Comhaontú atá i bhfeidhm idir an Coimisiún agus IOC-UNESCO chun tacú leis an tionscnamh um litearthacht aigéan ar fud an Aontais (comhghuaillíocht Aigéan AE4) mar rannchuidiú le DOS na Náisiún Aontaithe agus chun an tionscnamh sin a chur chun cinn;

66. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil eolaíocht thrasdisciplíneach chuig comhéadan saineolaithe beartais luachmhar chun eolas a mheasúnú agus chun tacú le ceapadh beartas chun sláinte agus inbhuanaitheacht na n-aigéan a chur chun cinn; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí comhéadan trasdisciplíneach beartais eolaíochta a bhunú d’inbhuanaitheacht na n-aigéan dar teideal ‘Painéal Idir-rialtasach le haghaidh Inbhuanaitheacht na nAigeán’ (IPOS), agus an saineolas ábhartha atá ann cheana á chur san áireamh, *inter alia* obair IPCC agus IPBES a bhaineann leis an aigéan.